



## BUTLER GALLERY

Eamon O'Kane, Baum Test I, 2017

© Eamon O'Kane, 2020, Bailiúchán de chuid Ghailearaí de Buitléir, Cill Chainnigh



Bí ag Smaoineamh

An dtuigeann tú teideal an phictiúir? (Baum = Crann sa Ghearmáinis)

(Is féidir eolas faoi Baum Test a fháil ar an idirlíon)

Scríobh síos gach focal agus gach frása atá ar eolas agat a bhaineann le crann

(géag / fréamh / duilleoga / donn / san earrach ... / titeann na duilleoga ... )

Cuir ceisteanna ort féin le cur le do liosta

(Cúpla sampla anseo ach smaoinigh ar do cheisteanna féin freisin)

An bhfuil an crann seo sona? Uaigneach? Cén fáth?

Céard a tharlaíonn sna séasúir éagsúla? Sa bhfómhar? San earrach? ...

Ar bhfuil a fhios agat céard é cinquain?

Is dán é ina bhfuil 5 líne. Bíonn méid áirithe siollaí nó focail i ngach líne. Ag an deireadh diamant a bhíonn ann.

Treoir don Cinquain:-

Seo na rialacha a bhaineann le cinquain – ach is féidir leat do rialacha féin a chumadh más fearr leat

Líne 1: Bíonn 1 nó 2 shiolla ann. Go hiondúil seo teideal an dáin.

Líne 2: Bíonn 2 nó 3 shiolla ann. Déantar cur síos ar an teideal.

Líne 3: Bíonn 3 nó 4 shiolla ann. Bíonn aicsean éigin i gceist.

Líne 4: Bíonn 2 nó 3 shiolla ann. D'fhéadfadh mothúchán a bheith ann.

Líne 5: Bíonn 1 nó 2 shiolla ann. Bíonn ceangal idir an líne seo agus Líne 1.

(Patrún na siollaí: 1/2/3/2/1 nó 2/3/4/3/2 nó déan do phatrún féin. Is féidir rudaí a athrú thart.)

## Bí ag Scríobh

Déan iarracht cinquain a scríobh faoi chrann nó faoi rud éigin a bhaineann le crann.  
(Roghnaigh rud éigin ó do liosta)

Nóta: Tá cruth an dáin níos tábhachtaí ná na siollaí

### Samplaí:

Duilleog  
Dearg, donn, buí  
Séideann gaoth mhór  
Titeann go  
Talamh

Cosa  
Faoi thalamh  
Ní féidir leo rith  
Seasann siad  
Sa choill

Titeann  
Duilleog bheag  
Ó chrann mór ard  
Duilleog bhuí  
Fómhair

Nóta: Rialacha faoi na siollaí agus faoi ábhar na línte briste nuair is gá

1. Bain triail as do cinquain féin anois – faoi chrann / faoin gcoill / faoi na séasúir / faoi na hainmhithe nó na héin a mbíonn cónaí orthu sa chrann.
2. Roghnaigh ábhar eile (Bláth/An Ghrian/Scoil/...)  
Cuir liosta focal le chéile agus bain triail as cinquain eile a scríobh.